2024/2633

9.10.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/2633 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh asocsastróibine, famocsadóin, flutríafóil, mandaprópaimíde agus meifeintrífhluconasóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás asocsastróibine, famocsadóin, flutríafóil, mandaprópaimíde agus meifeintrífhluconasóil, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) An 2 Nollaig 2023 ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius uasteorainneacha iarmhar Codex (CXLanna) nua le haghaidh na substaintí gníomhacha asocsastróibin, famocsadón, flutríafól, mandaprópaimíd agus meifeintrífhluconasól ([2]).

(3) I gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), i gcás inarb ann do chaighdeáin idirnáisiúnta nó i gcás ina gcuirfear i gcrích iad go luath, tá siad le cur san áireamh i bhforbairt nó in oiriúnú dhlí an bhia, ach amháin i gcás ina mbeadh na caighdeáin sin nó codanna ábhartha díobh ina modh neamhéifeachtach nó míchuí chun cuspóirí dlisteanacha dhlí bia an Aontais a chomhlíonadh, nó i gcás ina mbeadh údar eolaíoch ann, nó ina dtiocfadh leibhéal cosanta astu a bheadh éagsúil leis an leibhéal a chinntear a bheith iomchuí san Aontas. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 13, pointe (e), den Rialachán sin, tá an tAontas le comhsheasmhacht idir caighdeáin theicniúla idirnáisiúnta agus dlí bia an Aontais a chur chun cinn agus é á áirithiú an tráth céanna nach laghdófar an t-ardleibhéal cosanta a ghlactar san Aontas.

(4) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') measúnú ar na rioscaí do thomhaltóirí a bhaineann leis na CXLanna sin agus d'fhoilsigh sé tuarascáil eolaíoch ([4]). Chuir an tAontas ábhair imní ([5]), ([6]), ([7]) faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí maidir leis na CXLanna a bhí beartaithe le haghaidh na gcomhcheangal

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

([2]) Clár comhpháirteach FAO/EDS um Chaighdeáin Bhia, an Coimisiún Codex Alimentarius. An Séú Seisiún is Ceathracha. Ceanncheathrú FAO, An Róimh, An Iodáil. An 27 Samhain go dtí an 2 Nollaig 2023. https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-46%252F%25E2%2598%2585Final%252520Report%252FREP23_CACe.pdf.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

([4]) EFSA 2023. *Scientific support for preparing an EU position for the 54th Session of the Codex Committee on Pesticide Residues (CCPR)* [Tacaíocht eolaíoch chun seasamh ón Aontas a ullmhú le haghaidh an 54ú Seisiún den Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí (CCPR)]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 21(8), 1–303. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8111.

([5]) Barúlacha ón Aontas Eorpach maidir le Codex CX/PR 23/54/5-Add.1: https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-54%252FWDs%252Fpr54_05_Add1x.pdf.

([6]) Tuarascáil ón 54ú seisiún den Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí REP23/PR54: https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-54%252FREPORT%252FFINAL%252520REPORT%252520CORRIGENDUM%252FREP23_PR54e_CORR.pdf.

([7]) Clár comhpháirteach FAO/EDS um Chaighdeáin Bhia, an Coimisiún Codex Alimentarius. An Séú Seisiún is Ceathracha. Ceanncheathrú FAO, An Róimh, An Iodáil. An 27 Samhain go dtí an 2 Nollaig 2023. https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-46%252F%25E2%2598%2585Final%252520Report%252FREP23_CACe.pdf.

lotnaidicídí/táirgí seo a leanas, ar shainaithin an tÚdarás riosca a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte tomhaltóirí ina leith sa tuarascáil eolaíoch uaidh: famocsadón in 'oinniúin bleibíní, an foghrúpa', 'caora cána, an foghrúpa', 'glasraí a thugann torthaí, guird-cúcamair agus guird samhraidh, an foghrúpa', 'piobair sillí agus piobair mhilis-lena n-áirítear pimeantó'; mandaprópaimíd in oinniúin bleibíní, an foghrúpa', 'ubhthorthaí, an foghrúpa', agus 'ginsing, í triomaithe, lena n-áirítear ginsing dhearg'; maidir le meifeintrífhluconasól i 'scairteach inite ó mhamaigh', 'uibheacha', 'saillte ó mhamaigh seachas saillte bainne', 'feoil ó mhamaigh seachas mamaigh mhara', 'bainne', 'torthaí póma, an grúpa', scairteach inite ó éanlaith chlóis', 'saillte éanlaithe clóis' agus 'feoil éanlaithe clóis'.

(5) Maidir leis na CXLanna nár shainaithin an tÚdarás aon riosca do thomhaltóirí san Aontas ina leith, agus dá bhrí sin nár chuir an tAontas ábhar imní faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí ná an Choimisiúin Codex Alimentarius ina leith, is féidir a mheas go bhfuil siad sábháilte. Is amhlaidh atá an cás maidir le CXLanna áirithe le haghaidh asocsastróibine, famocsadóin, flutríafóil, mandaprópaimíde agus meifeintrífhluconasóil. Dá bhrí sin, ba cheart na CXLanna sin a áireamh i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, seachas i gcás ina mbaineann siad le táirgí nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin nó i gcás ina bhfuil siad ag leibhéal níos ísle ná na MRLanna atá ann faoi láthair le haghaidh na gcomhcheangal lotnaidicídí/táirgí lena mbaineann.

(6) A mhéid a bhaineann le mandaprópaimíd i gcúirséid, le linn an athbhreithnithe ar gach MRL le haghaidh na substainte gníomhaí sin i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, shainaithin an tÚdarás roinnt faisnéise faoi thrialacha ar iarmhair i ndáil le cúirséid mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil[4]. An fhaisnéis a bhí ar fáil, bhí sí leordhóthanach don Údarás chun MRL 0,2 mg/kg atá sábháilte do thomhaltóirí a mholadh, agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin sonraíodh an bhearna sonraí agus an dáta faoina raibh an fhaisnéis a bhí in easnamh le cur faoi bhráid an Údaráis mar thaca leis na MRLanna atá beartaithe. Ós rud é gur thacaigh na sonraí go hiomlán leis an CXL nua 0,2 mg/kg le haghaidh mandaprópaimíde i 'nglasraí a thugann torthaí, guird – cúcamair agus guird samhraidh (an foghrúpa)' a bhfuil craiceann inite orthu, a bhfuil feidhm aige maidir le cúcamair, gircíní, cúirséid, agus 'guird eile a bhfuil craiceann inite orthu, eile', agus nár chuir an tAontas ábhar imní faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí ina leith, is féidir a mheas go bhfuil aghaidh leordhóthanach tugtha ar an mbearna sonraí maidir le trialacha ar iarmhair i ndáil le mandaprópaimíd i gcúirséid.

(7) Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le mandaprópaimíd i nduillí raidisí, cuireadh iarratas faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ina n-iarrtar an MRL atá ann cheana a mhodhnú.

(8) I gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne na Ballstáit lena mbaineann meastóireacht ar an iarratas sin agus cuireadh an tuarascáil mheastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Chuir an Coimisiún an t-iarratas, an tuarascáil mheastóireachta, agus an sainchomhad tacaíochta ar aghaidh chuig an Údarás.

(9) Rinne an tÚdarás measúnú ar an iarratas agus ar an tuarascáil mheastóireachta, agus rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairim réasúnaithe faoin MRL atá beartaithe ([8]). Chuir sé an tuairim réasúnaithe uaidh ar aghaidh chuig an iarratasóir, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal í.

(10) A mhéid a bhaineann le mandaprópaimíd i nduillí raidise, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur ghá do na bainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh maidir le conas an MRL beartaithe a chur chun feidhme. Cé go n-áirítear duillí raidise i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus go n-aicmítear iad faoin bhfoghrúpa cáil, díorthaítear iarmhair mhandaprópaimíde i nduillí raidisí ó úsáid na substainte sin ar raidisí seachas óna húsáid ar cháil. Ós rud é go socraítear MRL éagsúil le haghaidh mandaprópaimíde i gcáil, MRL atá bunaithe ar úsáidí na substainte sin ar an mbarr sin, maidir leis an MRL nua 50 mg/kg a mholann an tÚdarás le haghaidh mandaprópaimíde i nduillí raidisí, ní iomchuí an MRL sin a bhunú le haghaidh an fhoghrúpa iomláin cáil. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an MRL sin maidir le mandaprópaimíd i nduillí raidisí amháin.

(11) Ar bhonn na tuarascála eolaíche agus na tuairime réasúnaithe ón Údarás, agus na tosca ábhartha a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, thángthas ar an gconclúid go bhfuil na modhnuithe atá beartaithe ar na MRLanna inghlactha.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

([8]) EFSA 2023. Modhnú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh mandaprópaimíde i nduillí raidisí. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 21 12: e8421. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8421.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcolún le haghaidh asocsastróibine, famocsadóin, flutríafóil, mandaprópaimíde agus meifeintrífhluconasóil:

'Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a]	Asocsastróibin	Famocsadón (F)	Flutríafól	Mandaprópaimíd (aon chóimheas d'isiméirí comhábhartha)	Meifeintrífhluconasól
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**					
0110000	**Torthaí citris**	15	0,01 (*)	0,01 (*)		
0110010	Seadóga				0,2	0,5
0110020	Oráistí				0,4	**1**
0110030	Líomóidí				0,5	**1,5**
0110040	Líomaí				0,5	**1,5**
0110050	Mandairíní				0,5	**1,5**
0110990	Eile (2)				0,5	0,5
0120000	**Cnónna crann**		0,01 (*)		0,01 (*)	**0,06**
0120010	Almóinní	0,01		**0,8**		
0120020	Cnónna Brasaíleacha	0,01		0,02 (*)		
0120030	Cnónna caisiú	0,01		0,02 (*)		
0120040	Castáin	0,01		0,02 (*)		
0120050	Cnónna cócó	0,01		0,02 (*)		
0120060	Cnónna coill	0,01		0,02 (*)		
0120070	Macadaimia	0,01		0,02 (*)		
0120080	Cnónna peacáin	0,01		0,02 (*)		
0120090	Eithní cnónna péine	0,01		0,02 (*)		
0120100	Cnónna pistéise	1		0,02 (*)		

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0120110	Gallchnónna	0,01		0,02 (*)		
0120990	Eile (2)	0,01		0,02 (*)		
0130000	**Torthaí póma**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,4	0,01 (*)	0,4
0130010	Úlla					
0130020	Piorraí					
0130030	Cainchí					
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach					
0130050	Locuatanna					
0130990	Eile (2)					
0140000	**Torthaí cloiche**	2	0,01 (*)		0,01 (*)	
0140010	Aibreoga			0,01 (*)		**2**
0140020	Silíní (iad milis)			1		**5**
0140030	Péitseoga			0,6		**2**
0140040	Plumaí			0,4		**1,5**
0140990	Eile (2)			0,01 (*)		0,01 (*)
0150000	**Caora agus torthaí beaga**					
0151000	(a) **fíonchaora**	3			2	
0151010	Fíonchaora boird		0,01 (*)	0,8		0,9
0151020	Fíniúnacha coiteanna		2	1,5		**2**
0152000	(b) **sútha talún**	10	0,01 (*)	1,5	0,01 (*)	**2**
0153000	(c) **torthaí cána**	5	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	**3**
0153010	Sméara dubha					
0153020	Eithreoga					
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)					
0153990	Eile (2)					
0154000	(d) **torthaí beaga eile agus caora eile**		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	
0154010	Fraocháin	5				**5**
0154020	Mónóga	0,5				2

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	5				**5**
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	5				**5**
0154050	Mogóirí róis	5				**5**
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	5				2
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	5				2
0154080	Caora troim	5				**5**
0154990	Eile (2)	5				2
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ar a bhfuil**		0,01 (*)			
0161000	(a) **craiceann inite**			0,01 (*)		
0161010	Dátaí	0,01 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)
0161020	Figí	0,01 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)
0161030	Ológa boird	0,01 (*)			0,01 (*)	2
0161040	Cumcuait	0,01 (*)			0,5	**1,5**
0161050	Torthaí réaltúla	0,1			0,01 (*)	0,01 (*)
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	0,01 (*)			0,01 (*)	0,2
0161070	Plumaí Iáva	0,01 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)
0161990	Eile (2)	0,01 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)
0162000	(b) **craiceann do-ite, iad beag**			0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)	0,01 (*)				
0162020	Lítsíonna	0,01 (*)				
0162030	Páiseoga	4				
0162040	Piorraí deilgneacha	0,3				
0162050	Réalt-úlla	0,01 (*)				
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha	0,01 (*)				
0162990	Eile (2)	0,01 (*)				
0163000	(c) **craiceann do-ite, iad mór**					
0163010	Abhacáid	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	**1**
0163020	Bananaí	2		0,3	0,01 (*)	**1,5**

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0163030	Mangónna	4		0,01 (*)	0,01 (*)	**0,6**
0163040	Papánna	**4**		0,01 (*)	0,8	**0,5**
0163050	Pomagránaití	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0163060	Céiriomoighe	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0163070	Guábhaí	0,2		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0163080	Anainn	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0163090	Torthaí aráin	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0163100	Dúraígh	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0163110	Úlla deilgneacha	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0163990	Eile (2)	0,01 (*)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**					
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**			0,01 (*)		
0211000	(a) **prátaí**	7	0,02		0,1(+)	**0,05**
0212000	(b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**	1	0,01 (*)		0,01 (*)	**0,05**
0212010	Casabhaigh					
0212020	Prátaí milse					
0212030	Ionaim					
0212040	Ararút					
0212990	Eile (2)					
0213000	(c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**		0,01 (*)			
0213010	Meacain bhiatais	1			0,1(+)	**0,5**
0213020	Meacain dhearga	1			0,01 (*)	**0,5**
0213030	Soiliriac/soilire tornapa	1			0,01 (*)	**0,5**
0213040	Meacain ragaim	1			0,01 (*)	**0,5**
0213050	Bliosáin ghréine	1			0,01 (*)	0,1
0213060	Meacain bhána	1			0,01 (*)	**0,5**
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	1			0,01 (*)	**0,5**
0213080	Raidisí	1,5			0,3(+)	**0,5**

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0213090	Salsabh	1			0,01 (*)	**0,5**
0213100	Svaeideanna	1			0,01 (*)	**0,5**
0213110	Tornapaí	1			0,01 (*)	**0,5**
0213990	Eile (2)	1			0,01 (*)	**0,5**
0220000	**Glasraí bleibíní**	10	0,01 (*)	0,01 (*)		
0220010	Gairleog				0,01 (*)	**0,2**
0220020	Oinniúin				0,1(+)	**0,2**
0220030	Seallóidí				0,01 (*)	**0,2**
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil				7(+)	**4**
0220990	Eile (2)				0,01 (*)	0,01 (*)
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**					
0231000	(a) **Solanaceae agus Malvaceae**	3				
0231010	Trátaí		2	0,8	3(+)	**0,7**
0231020	Piobair mhilse/chloigíneacha		0,01 (*)	1	1	**1,5**
0231030	Ubhthorthaí		0,01 (*)	0,01 (*)	3	**1,5**
0231040	Ocra		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	**1,5**
0231990	Eile (2)		0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0232000	(b) **guird a bhfuil craiceann inite orthu**	1		0,15	**0,2**	0,3
0232010	Cúcamair		0,2			
0232020	Gircíní		0,01 (*)			
0232030	Cúirséid		0,2		(+)	
0232990	Eile (2)		0,01 (*)			
0233000	(c) **guird a bhfuil craiceann do-ite orthu**	1	0,01 (*)	0,3		**0,5**
0233010	Mealbhacáin				0,5	
0233020	Puimcíní				**0,4**	
0233030	Mealbhacáin uisce				**0,4**	
0233990	Eile (2)				0,3	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0234000	(d) **arbhar milis**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	**0,04**
0239000	(e) **glasraí eile a thugann torthaí**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**		0,01 (*)	0,01 (*)		
0241000	(a) **praiseach bhlátha**	5				0,7
0241010	Brocailí				2	
0241020	Cóilis				0,3	
0241990	Eile (2)				0,01 (*)	
0242000	(b) **praiseach chinn**	5				
0242010	Bachlóga Bruiséile				0,2	0,4
0242020	Cabáistí cinn				3	0,04
0242990	Eile (2)				0,01 (*)	0,01 (*)
0243000	(c) **praiseach dhuilleach**	6			25	0,01 (*)
0243010	Cabáistí Síneacha					
0243020	Cáil				(+)	
0243990	Eile (2)					
0244000	(d) **cálráibí**	5			0,1	0,01 (*)
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**					
0251000	(a) **leitísí agus plandaí sailéid**	10	0,01 (*)		25	
0251010	Ceathrúna uain			0,01 (*)		0,01 (*)
0251020	Leitísí			1,5		0,01 (*)
0251030	Searbháin muc			0,01 (*)		0,01 (*)
0251040	Biolair agus eascróga agus péacáin eile			0,01 (*)		0,01 (*)
0251050	Biolair thalún			0,01 (*)		0,01 (*)
0251060	Ruachán Rómhánach			0,01 (*)		7
0251070	Mustard dearg			0,01 (*)		0,01 (*)
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)			0,01 (*)		7
0251990	Eile (2)			0,01 (*)		0,01 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0252000	(b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla**	15	0,01 (*)	0,01 (*)	25	
0252010	Spionáistí					7
0252020	Puirsleáin					0,01 (*)
0252030	Seardas/duilleoga biatais					0,01 (*)
0252990	Eile (2)					0,01 (*)
0253000	(c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	25	0,01 (*)
0254000	(d) **biolair uisce**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	25	0,01 (*)
0255000	(e) **searbháin na Beilge**	0,3	0,01 (*)	0,01 (*)	0,15	0,01 (*)
0256000	(f) **luibheanna agus bláthanna inite**	70	0,02 (*)	0,02 (*)	30	7
0256010	Costóg					
0256020	Síobhas					
0256030	Duilleoga soilire					
0256040	Peirsil					
0256050	Sáiste					
0256060	Marós					
0256070	Tím					
0256080	Basal agus bláthanna inite					
0256090	Duilleog labhrais					
0256100	Dragan					
0256990	Eile (2)					
0260000	**Léagúim**	3	0,01 (*)	0,01 (*)		
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga orthu)				1	**0,05**
0260020	Pónairí (gan faighneoga)				0,01 (*)	0,04
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga orthu)				0,01 (*)	**0,15**
0260040	Piseanna (gan faighneoga)				0,3	0,08
0260050	Lintilí				0,01 (*)	0,01 (*)
0260990	Eile (2)				0,01 (*)	0,01 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0270000	**Glasraí gais**		0,01 (*)	0,01 (*)		
0270010	Lus súgach	0,01 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)
0270020	Cardúin	15			0,01 (*)	3
0270030	Soilirí	15			20	3
0270040	Finéal Fhlórans	10			0,01 (*)	3
0270050	Bliosáin chruinne	5			0,3	0,7
0270060	Cainneanna	10			0,01 (*)	0,01 (*)
0270070	Biabhóg	0,6			0,01 (*)	3
0270080	Péacáin bhambú	0,01 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)
0270090	Croíthe pailme	0,01 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)
0270990	Eile (2)	0,01 (*)			0,01 (*)	0,01 (*)
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0280010	Fungais shaothraithe					
0280020	Fungais fhiáine					
0280990	Caonaigh agus léicin					
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0300000	**PISEÁNAIGH**	0,15	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	
0300010	Pónairí					**0,07**
0300020	Lintilí					**1,5**
0300030	Piseanna					0,2
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní					0,2
0300990	Eile (2)					0,2
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**		0,01 (*)		0,01 (*)	
0401000	**Olashíolta**					
0401010	Ros lín	0,4		0,02 (*)		**1**
0401020	Piseanna talún	0,2		0,15		0,01 (*)
0401030	Síolta poipín	0,5		0,02 (*)		**1**
0401040	Síolta seasamain	0,01 (*)		0,02 (*)		**1**

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0401050	Síolta lus na gréine	0,5		0,02 (*)		**0,15**
0401060	Síolta ráibe	0,7		0,5		**1**
0401070	Pónairí soighe	0,5		0,4		**0,4**
0401080	Síolta mustaird	0,5		0,02 (*)		**1**
0401090	Síolta cadáis	0,7		0,5		**0,2**
0401100	Síolta puimcín	0,01 (*)		0,02 (*)		0,01 (*)
0401110	Síolta cróch bréige	0,4		0,02 (*)		**0,15**
0401120	Síolta borráiste	0,4		0,02 (*)		**1**
0401130	Caimilín	0,5		0,02 (*)		**1**
0401140	Síolta cnáibe	0,01 (*)		0,02 (*)		0,01 (*)
0401150	Pónairí ricne	0,01 (*)		0,02 (*)		0,01 (*)
0401990	Eile (2)	0,01 (*)		0,02 (*)		0,01 (*)
0402000	**Olathorthaí**			0,02 (*)		
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola	0,01 (*)				3
0402020	Eithní pailme ola	0,01 (*)				0,01 (*)
0402030	Torthaí pailme ola	0,03				0,01 (*)
0402040	Capac	0,01 (*)				0,01 (*)
0402990	Eile (2)	0,01 (*)				0,01 (*)
0500000	**GRÁNAIGH**				0,01 (*)	
0500010	Eorna	1,5	0,2	**1,5**		**3**
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0500030	Arbhar Indiach/arbhar	0,02	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0500040	Muiléad coiteann	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		**2**
0500050	Coirce	1,5	0,01 (*)	0,01 (*)		0,6
0500060	Rís	5	0,01 (*)	0,01 (*)		**1,5**
0500070	Seagal	0,5	0,01 (*)	0,01 (*)		**0,4**
0500080	Sorgam	10	0,01 (*)	1,5		**2**
0500090	Cruithneacht	0,5	0,1	0,15		**0,4**

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0500990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)		0,01 (*)
0600000	**TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB**		0,05 (*)			
0610000	**Taenna**	0,05 (*)		0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0620000	**Pónairí caife**	0,03		0,15	0,05 (*)	**0,4**
0630000	**Insiltí luibhe ó**			0,05 (*)	0,05 (*)	
0631000	(a) **bláthanna**	60				0,05 (*)
0631010	Camán meall					
0631020	Roiseog					
0631030	Rós					
0631040	Seasmain					
0631050	Teile					
0631990	Eile (2)					
0632000	(b) **duilleoga agus luibheanna**	60				0,05 (*)
0632010	Sú talún					
0632020	Rooibos					
0632030	Maité					
0632990	Eile (2)					
0633000	(c) **fréamhacha**	0,3				
0633010	Caorthann corraigh					0,05 (*)
0633020	Ginsing					**0,5**
0633990	Eile (2)					0,05 (*)
0639000	(d) **aon chuid eile den phlanda**	0,05 (*)				0,05 (*)
0640000	**Pónairí cócó**	0,05 (*)		0,05 (*)	0,06	0,05 (*)
0650000	**Carúib**	0,05 (*)		0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0700000	**LEANNLUSANNA**	40	**50**	20	90	15
0800000	**SPÍOSRAÍ**					
0810000	**Spíosraí ó shíolta**	0,3	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0810010	Ainís					

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0810020	Calaindí					
0810030	Soilire					
0810040	Lus an choire					
0810050	Cuimín					
0810060	Lus mín					
0810070	Finéal					
0810080	Feinigréag					
0810090	Noitmig					
0810990	Eile (2)					
0820000	**Spíosraí ó thorthaí**	0,3	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó					
0820020	Piobar Szechuan					
0820030	Cearbhas					
0820040	Cardamam					
0820050	Caor aitil					
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)					
0820070	Fanaile					
0820080	Tamarain					
0820990	Eile (2)					
0830000	**Spíosraí ó choirt**	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0830010	Cainéal					
0830990	Eile (2)					
0840000	**Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm**					
0840010	Liocras	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0840020	Sinséar (10)					
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)					
0840990	Eile (2)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0850000	**Spíosraí ón mbachlóg**	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0850010	Clóibh					
0850020	Caprais					
0850990	Eile (2)					
0860000	**Spíosraí ó phistil bláthanna**	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0860010	Cróch					
0860990	Eile (2)					
0870000	**Spíosraí arail**	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0870010	Maicis					
0870990	Eile (2)					
0900000	**PLANDAÍ SIÚCRA**		0,01 (*)		0,01 (*)	
0900010	Fréamhacha biatas siúcra	5		0,02		0,06
0900020	Cánaí siúcra	0,05		0,01 (*)		**1,5**
0900030	Fréamhacha siocaire	**1**		0,01 (*)		**0,5**
0900990	Eile (2)	0,01 (*)		0,01 (*)		0,01 (*)
1000000	**TÁIRGÍ DE BHUNADH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN**					
1010000	**Tráchtearraí ó**					
1011000	(a) **mucra**	(+)				
1011010	Matán	0,01 (*)(+)	0,05	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
1011020	Saill	0,05(+)	0,5	**0,02**	0,02	0,01 (*)
1011030	An t-ae	0,07(+)	0,5	**1**	0,01 (*)	0,02
1011040	An duán	0,07(+)	0,5	**1**	0,01 (*)	0,01 (*)
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07(+)	0,5	**1**	0,01 (*)	0,01 (*)
1011990	Eile (2)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,02
1012000	(b) **bó-ainmhithe**	(+)				
1012010	Matán	0,01 (*)(+)	0,05	0,01 (*)	0,01 (*)	0,04
1012020	Saill	0,05(+)	0,5	**0,02**	0,02	0,2
1012030	An t-ae	0,07(+)	0,5	**1**	0,01 (*)	0,4

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
1012040	An duán	0,07(+)	0,5	**1**	0,01 (*)	0,15
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07(+)	0,5	**1**	0,01 (*)	0,1
1012990	Eile (2)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,4
1013000	(c) **caoirigh**	(+)				
1013010	Matán	0,01 (*)(+)	0,05	0,01 (*)	0,01 (*)	0,06
1013020	Saill	0,05(+)	0,5	**0,02**	0,02	0,4
1013030	An t-ae	0,07(+)	0,5	**1**	0,01 (*)	0,7
1013040	An duán	0,07(+)	0,5	**1**	0,01 (*)	0,3
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07(+)	0,5	**1**	0,01 (*)	0,3
1013990	Eile (2)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,7
1014000	(d) **gabhair**	(+)				
1014010	Matán	0,01 (*)(+)	0,05	0,01 (*)	0,01 (*)	0,06
1014020	Saill	0,05(+)	0,5	**0,02**	0,02	0,4
1014030	An t-ae	0,07(+)	0,5	**1**	0,01 (*)	0,7
1014040	An duán	0,07(+)	0,5	**1**	0,01 (*)	0,3
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07(+)	0,5	**1**	0,01 (*)	0,3
1014990	Eile (2)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,7
1015000	(e) **each-ainmhithe**					
1015010	Matán	0,01 (*)	0,05	0,01 (*)	0,01 (*)	0,04
1015020	Saill	0,05	0,5	**0,02**	0,02	0,2
1015030	An t-ae	0,07	0,5	**1**	0,01 (*)	0,4
1015040	An duán	0,07	0,5	**1**	0,01 (*)	0,1
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07	0,5	**1**	0,01 (*)	0,1
1015990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,4
1016000	(f) **éanlaith chlóis**	0,01 (*)(+)	0,01 (*)		0,01 (*)	
1016010	Matán	(+)		0,01 (*)		0,015
1016020	Saill	(+)		**0,03**		0,03
1016030	An t-ae	(+)		0,03		0,03

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
1016040	An duán	(+)		0,03		0,03
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	(+)		0,03		0,03
1016990	Eile (2)	(+)		0,01 (*)		0,03
1017000	(g) **ainmhithe talún feirme eile**					0,01 (*)
1017010	Matán	0,01 (*)	0,05	0,01 (*)	0,01 (*)	
1017020	Saill	0,05	0,5	**0,02**	0,02	
1017030	An t-ae	0,07	0,5	**1**	0,01 (*)	
1017040	An duán	0,07	0,5	**1**	0,01 (*)	
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,07	0,5	**1**	0,01 (*)	
1017990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	
1020000	**Bainne**	0,01 (*)(+)	0,03	0,01 (*)	0,01 (*)	
1020010	Eallach	(+)				0,03
1020020	Caoirigh	(+)				0,04
1020030	Gabhair	(+)				0,04
1020040	Capall	(+)				0,02
1020990	Eile (2)	(+)				0,01 (*)
1030000	**Uibheacha éan**	0,01 (*)(+)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,015
1030010	An chearc	(+)				
1030020	Lacha	(+)				
1030030	Géanna	(+)				
1030040	Gearg	(+)				
1030990	Eile (2)	(+)				
1040000	**Mil agus táirgí beachaireachta eile (7)**	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
1050000	**Débheathaigh agus Reiptílí**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
1060000	**Ainmhithe inveirteabracha talún**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
1070000	**Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
1100000	**TÁIRGÍ DE BHUNADH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE EILE (8)**					
1200000	**TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)**					
1300000	**TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)**					

(*) íosteorainn an chinnidh anailísigh
([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí ar de bhunadh ainmhíoch agus plandaí iad a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I
(+) Comhcheangal táirge-lotnaidicíde a bhfuil fonóta ann ina leith. Tá liosta na bhfonótaí thíos.

Asocsastróibin

Tá roinnt faisnéise faoi thocsaineacht na meitibilítí sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt, má chuirtear isteach í faoin 5 Lúnasa 2024, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

1011000 (a) mucra
1011010 Matán
1011020 Saill
1011030 An t-ae
1011040 An duán
1011050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)
1011990 Eile (2)
1012000 (b) bó-ainmhithe
1012010 Matán
1012020 Saill
1012030 An t-ae
1012040 An duán
1012050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)
1012990 Eile (2)
1013000 (c) caoirigh
1013010 Matán
1013020 Saill
1013030 An t-ae
1013040 An duán
1013050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)
1013990 Eile (2)
1014000 (d) gabhair
1014010 Matán
1014020 Saill
1014030 An t-ae
1014040 An duán
1014050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)
1014990 Eile (2)
1016000 (f) éanlaith chlóis
1016010 Matán
1016020 Saill
1016030 An t-ae
1016040 An duán
1016050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)

1016990 Eile (2)
1020000 Bainne
1020010 Eallach
1020020 Caoirigh
1020030 Gabhair
1020040 Capall
1020990 Eile (2)
1030000 Uibheacha éan
1030010 An chearc
1030020 Lacha
1030030 Géanna
1030040 Gearg
1030990 Eile (2)

Famocsadón (F)

(F) Intuaslagtha i saill

Mandaprópaimíd (aon chóimheas d'isiméirí comhábhartha)

Tá roinnt faisnéise faoi thocsaineacht na meitibilítí sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 23 Eanáir 2026, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.
0211000 (a) prátaí
0213010 Meacain bhiatais
0213080 Raidisí

Tá roinnt faisnéise faoi thocsaineacht na meitibilítí sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 11 Iúil 2021, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.
0220020 Oinniúin
0220040 Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha ar iarmhair sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 11 Iúil 2021, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.
0231010 Trátaí
0232030 Cúirséid
I gcás duillí raidisí, tá feidhm ag an MRL 50 mg/kg
0243020 Cáil'